CINNEADH Ó CHOMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

an 5 Nollaig 2011

maidir le Poblacht na Cróite a ligean isteach san Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 49 de,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach [1],

Ag féachaint do thoiliú Pharlaimint na hEorpa [2],

De bhrí go bhfuil Poblacht na Cróite tar éis iarratas a dhéanamh chun bheith ina comhalta den Aontas Eorpach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal aonair

Glacann an Chomhairle leis an iarratas sin ar ligean isteach; beidh na coinníollacha ligin isteach agus na hoiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach is gá de thoradh an ligin isteach sin ina n-ábhar do chomhaontú idir na Ballstáit agus Poblacht na Cróite.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 5 Nollaig 2011.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. DOWGIELEWICZ

---

[1] Féach leathanach 3 den Iris Oifigiúil seo.
[2] Féach leathanach 5 den Iris Oifigiúil seo.